# Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta[1]

## An bonn leis na cuntais

Ullmhaítear cuntais leithreasa a thaispeánann idirbhearta airgeadais ranna Rialtais,[2] de réir an *Exchequer and Audit Departments Act 1866* (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Is éard atá sna cuntais ná taifead bunaithe ar airgead tirim de na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain i gcomparáid leis na méideanna a sholáthraítear faoin Acht Leithreasa. Áirítear sna cuntais freisin faisnéis ullmhaithe ar bhonn fabhraithe sa ráiteas ar staid airgeadais agus nótaí eile. I rith na bliana, taispeánann na cuntais méideanna na bliana roimhe sin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

Ba cheart do ranna faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le haon imeacht ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta, nó maidir le hathruithe nó breiseanna orthu. Ba cheart faisnéis maidir le héagsúlacht ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a chur san áireamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

## Tréimhse tuairiscithe

Is í an tréimhse tuairiscithe ná an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

## Fáltais

Mar riail ghinearálta, íoctar ioncam uile an Stáit isteach sa Státchiste.

Faoi réir chead sainráite na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, féadfar fáltais áirithe roinne a leithreasú mar chabhair do chaiteachas a iompraíodh ar vóta. Gan cead den sórt sin, ní mór fáltais a ghéilleadh go díreach don Lárchiste mar fháltais bhreis Státchiste.

Is éard is leithreasaí i gcabhair ann ná fáltais a fhéadfar, faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act 1891*, a úsáid chun caiteachas a íoc a mhéid a údaraítear leis an Acht Leithreasa bliantúil. Go ginearálta, is fáltais iad seo a eascraíonn i ngnáthchúrsa gnó roinne faoin vóta agus is féidir go n-áireofar nithe leo amhail:

- muirir ar sheirbhísí [3]
- ranníocaíochtaí pinsin fostaithe
- cíos agus fáltais ó dhíolacháin áirithe
- le comhaontú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, na fáltais ó dhíol sócmhainní chun cláir nó tionscadail chaipitil ardtosaíochta a mhaoiniú
- fíneálacha, forghéilleadh nó costais a gnóthaíodh.

Go ginearálta, is ionann fáltais ranna atá le creidiúnú go díreach don Státchiste mar fháltais 'bhreise' agus fáltais nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu leis an gcaiteachas vóta nó ar fáltais 'amhantair' iad. Ní fhéadfar fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón vóta. Sa chás ina dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa. Áireofar iontu

- fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabús cuideachtaí Stáit
- ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil
- cúiteamh.

1 Leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe síos na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm agus cuntais leithreasa á n-ullmhú. Luaitear iad seo i gciorclán 22 de 2023 de chuid na Roinne.

2 Sa ráiteas seo, cuimsíonn an téarma 'roinn' ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí an Rialtais láir atá freagrach as bainistíocht Vóta agus cuntasaíocht, mura léirítear a mhalairt.

3 Faigheann roinnt oifigí, ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig an Ard-Aighne, costais le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ba cheart na speansais sin a ghlacadh mar leithreasaí i gcabhair freisin.

Sa chás ina n-eascraíonn fáltais bhreise ón Státchiste, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa (nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú a sholáthar ar fháltais den sórt sin agus míniú a thabhairt i gcás ina bhfuil na méideanna ábhartha ó nádúr. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ranna na méideanna a taisceadh don Státchiste (tríd an gCuntas Taisce d'Airgead Ilghnéitheach) agus na hiarmhéideanna tosaigh agus deiridh atá dlite don Státchiste a nochtadh.

## Íocaíochtaí

Is éard atá i gceist le híocaíochtaí na suimeanna sin a tháinig chun bheith iníoctha i rith na bliana. Meastar gur tháinig suimeanna chun bheith iníoctha sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur forghníomhaíodh an treoir don íocaíocht.

Sa chás inar tabhaíodh dliteanas agus ina bhfuil íocaíocht dlite (i.e. gur tháinig an dliteanas in aibíocht), ba cheart an íocaíocht a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana chun sláine an chuntais leithreasaithe a áirithiú. I gcásanna nach ndearnadh íocaíocht agus go bhfuil dliteanais aibithe gan íoc ag deireadh na bliana, ba cheart méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta a ghabhann leis an gcuntas (nóta 2).

Eisceacht ar an bprionsabal ginearálta sin is ea sa chás go bhfuil roinn ag feidhmiú mar ghníomhaire do roinn Rialtais eile (an príomhaí) a mbíonn idirbhearta airgeadais idir an príomhaí agus an gníomhaire mar thoradh air. Is é an riail ghinearálta gur cheart don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí fhionraí, agus an tseirbhís ina muirear deiridh i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniú a sholáthar chun gur féidir íocaíocht a dhéanamh, níor cheart ach méideanna a dheimhnigh an gníomhaire a bheith eisíoctha aige i mbliain an chuntais a mhuirearú ar chuntas leithreasa an phríomhaí.

Mar phrionsabal ginearálta, tá cuntasaíocht an Rialtais ar bhonn comhlán i.e. ní ghlanluacháiltear fáltais in aghaidh íocaíochtaí. Ba cheart do ranna rialtais, oifigí agus sealbhóirí vótaí faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe d'aon ghlanluacháil bheartaithe.

## Glanseirbhísí comhghaolmhara

Is seirbhísí iad seirbhísí comhghaolmhara a chuirtear ar fáil go lárnach do vótaí roinne nó thar ceann vótaí roinne, ar an mbonn, mar speisialtóirí, go bhfuil an roinn soláthair (arb é a bpríomhfheidhm soláthar na seirbhísí lárnacha seo) in ann na seirbhísí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ná an sealbhóir vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte leis seo.

Sonraítear sa nóta maidir le glanseirbhísí comhghaolmhara (i nóta 1) an méid caiteachais i ndáil leis an roinn a iompraítear in áiteanna eile. Tá boinn tomhais éagsúla ann chun figiúirí caiteachais na seirbhísí comhghaolmhara a ríomh.

## Fabhruithe

Ionchorpraítear i ngach cuntas leithreasaithe faisnéis de chineál fabhruithe sna nótaí a ghabhann leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas costais oibriúcháin (nóta 1), a léiríonn méid iomlán na n-acmhainní a úsáidtear le vóta sa bhliain
- ráiteas ar staid airgeadais a thaispeánann sócmhainní agus dliteanais an vóta ag deireadh na bliana (nóta 2), agus

- nótaí míniúcháin ina dtugtar mionsonraí maidir le sócmhainní caipitil, an glanmhaoiniú atá dlite don Státchiste, agus aon cheangaltais.

Áirítear sa ráiteas ar staid airgeadais an staid ag deireadh na bliana maidir leis na nithe seo a leanas.

- **Speansais fhabhraithe** — is ionann iad seo agus na dliteanais go léir ag deireadh na bliana, cé is moite de dhliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. Maidir le hearraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair a chomhlíon an t-íocaí an ceanglas conarthach na hearraí nó na seirbhísí a ordaíodh a sholáthar. Láimhseáiltear méideanna atá dlite i leith earraí a sheachadtar, ach nár íocadh astu go fóill, fiú mura ndéantar cigireacht orthu agus mura nglactar le fardal iad, mar dhliteanas. Sa chás gur deontas atá ann, aithnítear dliteanas nuair atá riachtanais uile na scéime deontais comhlíonta ag an deontaí ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige go fóill. Aithnítear dliteanais taistil agus chothaithe nuair a bhíonn an taisteal críochnaithe.
- **Réamhíocaíochtaí** — is íocaíochtaí iad seo a dhéantar roimh dheireadh bhliain an chuntais nuair nach bhfaighfear na hearraí nó an tseirbhís ghaolmhar go dtí tréimhse sa todhchaí.
- **Ioncam fabhraithe** — is ioncam é seo atá dlite don vóta ag deireadh bhliain an chuntais nach bhfuil faighte fós.
- **Ioncam iarchurtha** — léiríonn sé seo ioncam a fuair an vóta i rith bhliain an chuntais, nó roimh bhliain an chuntais, le haghaidh earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

## Sócmhainní caipitil

Mar chuid den aistriú chuig tuairisciú méadaithe fabhraithe bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, sainaithníodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha ar leithligh mar shócmhainní doláimhsithe le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Dá réir sin, rinneadh sócmhainní caipitil a dheighilt ina dhá chomhpháirt sa ráiteas ar staid airgeadais, agus sna nótaí gaolmhara: maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1); agus sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2). Cuireadh comparáidí in iúl arís chun é seo a léiriú.

Ba cheart caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn a áireamh sa chatagóir ábhartha sócmhainní caipitil sa ráiteas ar staid airgeadais agus i nótaí 2.1 agus 2.2, e.g. tionscadail tógála (maoin, gléasra agus trealamh), nó forbairt bogearraí (sócmhainní doláimhsithe).

Níl áirítear an méid a leanas i sócmhainní caipitil

- sócmhainní aonair a ceannaíodh ón 1 Eanáir 2021 (nó ón 1 Eanáir 2020 má cuireadh an tairseach i bhfeidhm níos luaithe) sa chás go raibh an costas níos lú ná €10,000
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a chur in iúl go hiomchuí i dtéarmaí airgeadais. (Tá sócmhainní oidhreachta ar féidir luacháil a dhéanamh orthu san áireamh i sócmhainní caipitil.)

### *Luacháil sócmhainní*

*Talamh agus foirgnimh*

Tá na tailte agus na foirgnimh go léir ar leis an Stát iad agus atá á rialú nó á mbainistiú ag roinn san áireamh sa ráiteas ar staid airgeadais (agus nóta 2.1). I gcás inarb ábhartha, mínítear bonn luachála na talún agus na bhfoirgneamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

I gcás ina bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe in Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'Aire ach go deimhin á rialú/á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, tá siad san áireamh sa chuntas d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Sa chás go bhfuil tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach go bhfuil siad go deimhin á rialú/á mbainistiú ag comhlacht seachtrach, ní áirítear iad mar shócmhainní vóta na roinne, ach sonraítear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne. Seachas sin, áirítear talamh agus foirgnimh atá dílsithe d'Aire ar an gcuntas don vóta ábhartha.

Ba cheart do ranna/oifigí rialtais nach féidir leo, ar chúiseanna teicniúla, luachálacha a sholáthar do thailte agus d'fhoirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú acu sceideal de na sócmhainní sin a chur i gceangal leis an gcuntas leithreasa.

*Trealamh, troscán agus feistis*

Déantar trealamh, troscán agus feistis a luacháil ar chostas.

*Sócmhainní eile*

I gcás inar gá, leagtar amach beartais chuntasaíochta maidir le luacháil sócmhainní eile (e.g. feithiclí speisialaithe) i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

*Sócmhainní doláimhsithe*

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe, a chuimsíonn bogearraí faighte nó forbartha, ar dtús ar chostas, i gcás ina bhfuil an costas sin cothrom ar a laghad leis an tairseach €10,000. Is é an costas a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe a fhaightear in idirbheart neamh-mhalairte ná a luach cóir ar dháta an mhalartaithe. Tar éis an aitheantais tosaigh, iompraítear sócmhainní doláimhsithe ar chostas lúide aon amúchadh carntha.

Déantar caipitliú ar cheadúnais bogearraí ríomhaireachta faighte ar bhonn na gcostas a thabhaítear chun na bogearraí sonracha a fháil agus a thabhairt in úsáid. Sa chás nach maireann tréimhse an cheadúnais ach ar feadh bliana amháin, ní dhéantar an costas gaolmhar a chaipitliú.

Aithnítear costais a bhaineann go díreach le forbairt bogearraí le haghaidh úsáid inmheánach mar shócmhainn dholáimhsithe inar féidir an tairbhe eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo a léiriú agus inar féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa. I measc na gcostas díreach tá costas seirbhísí, costais fostaithe inaitheanta a bhaineann le forbairt bogearraí agus forchostais shonracha. Ní dhéantar caiteachas forbartha eile a chaipitliú agus léirítear é sa chuntas leithreasa sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitliú ach amháin nuair a mhéadaíonn sé sochair eacnamaíocha a bheidh ann amach anseo nó acmhainneacht seirbhíse na sócmhainne sonraí lena mbaineann sé. Léirítear an caiteachas eile go léir sa chuntas leithreasa sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

### Beartas dímheasa

Déantar dímheas a ríomh agus a mhuirearú ar bhonn míosúil ó mhí na fála/an choimisiúnaithe go dtí mí na diúscartha.[1]

Tagann sócmhainní maoine, gléasra agus trealaimh na Roinne i gcatagóirí éagsúla chun críoch dímheasa. Déantar an dímheas de réir méid chothroim. Tá na príomhchatagóirí a bheidh i bhfeidhm leagtha amach sa tábla seo a leanas.

1 Féadfaidh Ranna leanúint de dhímheas a ghearradh ar bhonn bliantúil mar shocrú eatramhach i gcás nach bhfuil córais chuí i bhfeidhm chun dímheas a ríomh ar bhonn míosúil. Ní mór ach do ranna nach n-úsáideann an modh dímheasa míosúil a lua cén modh dímheasa a d'úsáid siad.

| | Ráta dímheasa |
|---|---|
| **Catagóir A – Earraí dímheasta go luach nialais i gcaitheamh 10 mbliana** | |
| Troscán agus feistis | 10% |
| Gléasra agus innealra | 10% |
| **Catagóir B – Earraí dímheasta go luach nialais i gcaitheamh 5 bliana** | |
| Trealamh TF | 20% |
| Trealamh oifige | 20% |
| Saintrealamh eile | 20% |
| Mótarfheithiclí | 20% |
| **Catagóir C – Earraí eile** | |
| Talamh | 0% |
| Foirgnimh | 0% go 5% |
| Sócmhainní míleata | 3% go 20% |

Déantar luach tugtha anonn sócmhainne doláimhsithe a bhfuil saolré úsáideach theoranta aige a amúchadh de réir méid chothroim i gcaitheamh a saolré úsáidí. Tosaíonn amúchadh nuair a bhíonn an tsócmhainn ar fáil lena húsáid agus tagann deireadh leis ar an dáta a dhí-aithnítear an tsócmhainn. Nochtar an muirear amúchta do gach bliain agus an ráta a chuirtear i bhfeidhm ar gach aicme sócmhainne doláimhsithe i ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta.

## Banc agus airgead tirim

Ba cheart go n-áireofaí le 'banc agus airgead tirim' na hiarmhéideanna cuntais bainc tráchtála ar fad (cuntais phárolla agus cuntais eile a bhaineann le vóta) a shealbhaítear ag deireadh na bliana agus a mhaoiníonn an Státchiste trí chaiteachas vótáilte nó a bhfuil fáltais iontu a dhlitear a íoc leis an Státchiste. Ba cheart an nóta cuntais bhainc Pámháistir Ghinearálta (PMG) a shainaithint ar leithligh ó chuntais bhainc tráchtála eile.

Nochtar mionsonraí faoi aon chuntais bhainc tráchtála eile nach bhfuil maoinithe ag an Státchiste nó a dhlitear a íoc leis an Státchiste trí nóta a ghabhann leis an gcuntas. Áirítear leis seo iarmhéideanna neamhvóta nach dtaifeadtar/nach dtugtar cuntas orthu i sraith eile cuntas a ndéantar iniúchadh orthu.

## Fardail

Coinnítear fardail lena ndáileadh nó lena n-úsáid i soláthar earraí agus seirbhísí. Luaitear fardail ag an luachálacha costais nó roinne is ísle. De ghnáth, cuirtear tomhaltáin leis na costais mura bhfuil luach suntasach aonair ag míreanna nó mura bhfuil siad faoi réir cúinsí slándála áirithe.

## Glanmhaoiniú an Státchiste

Taispeántar staid mhaoinithe an vóta ag deireadh na bliana sa nóta maidir le glanmhaoiniú an Státchiste, agus an barrachas agus na saincheisteanna ón Státchiste á gcur san áireamh ar bhonn carnach/rollach. Taispeántar miondealú an fhigiúir sin i dtéarmaí iarmhéideanna bainc/airgid thirim, fáltais féichiúnaithe atá dlite agus dliteanais reatha freisin.

## Ceangaltais

Is ionann ceangaltas agus oibleagáid chonarthach chun íoc as seachadadh le haghaidh earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitil) nach bhfuil curtha ar fáil ar fad ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear ceangaltais nuair a fhaomhtar an deontas ach níl riachtanais na scéime comhlíonta fós ag an deontaí.

Déantar ceangaltais chonarthacha de bhreis ar €10,000 ar dóigh go dtiocfaidh siad chun cinn sna blianta ina dhiaidh sin, faoi na ceannteidil: soláthar earraí agus seirbhísí, cláir deontais neamhchaipitil, cláir deontais chaipitil, tionscadail chaipitil agus tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí, a nochtadh trí nóta a ghabhann leis an gcuntas.

Nochtar sonraí faoi gach mórthionscadal caipitil agus gach mórthionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí, ina sáraíonn luach an tionscadail €10,000,000, ar leithligh.

Sa chás inar athraigh an leibhéal ceangaltais tuairiscithe nó an costas réamh-mheasta tionscadail níos mó ná €500,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ba cheart an chúis leis an ngluaiseacht a mhíniú.

## Dliteanais theagmhasacha

Eascraíonn dliteanas teagmhasach in aon chás ina gcruthaíonn gníomhaíochtaí nó imeachtaí roimhe seo nó atá ann faoi láthair riosca go nglaofaí ar chistí an Státchiste amach anseo e.g. ráthaíocht airgeadais a sholáthar. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha sa ráiteas ar staid airgeadais ach nochtar iad trí nóta, ach amháin i gcás inar beag an dóchúlacht go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

D'fhéadfadh dliteanais eascairt as cásanna dlí leanúnacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dliteanas teagmhasach. Seachas i gcásanna a bhaineann le dlíthíocht fhéideartha nó i gcás ina ndéanfadh nochtadh dochar do sheasamh an Státchiste agus/nó d’idirbheartaíochtaí amach anseo le tríú páirtithe, ba cheart dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna cúirte a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Níor cheart socruithe eile a dhéanamh a bhféadfadh dliteanais theagmhasacha a bheith mar thoradh orthu ach amháin i gcás inar gá agus, ansin, níor cheart iad a dhéanamh ach amháin tar éis na himpleachtaí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas agus a mheasúnú i bhfianaise na gcásanna féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bhun an dliteanais theagmhasaigh. Ba cheart na tairbhí féideartha a chur i gcomparáid i gcónaí leis an gcostas is dóichí agus le raon na gcostas féideartha chun a áirithiú go ndéanfar measúnú ceart ar an dliteanas teagmhasach.

Níor cheart glacadh le dliteanas teagmhasach i gcás ar bith nuair nár measúnaíodh agus nár sainmhíníodh an riosca atá á ghlacadh chomh soiléir agus is féidir. Sa chás go n-aontaíonn Aire glacadh le dliteanas teagmhasach, tá sé riachtanach go ndéantar an próiseas cinnteoireachta a dhoiciméadú i gceart, lena leagtar amach: (i) an réasúnaíocht chun glacadh leis an dliteanas teagmhasach agus (ii) an tairbhe féideartha agus (iii) na costais fhéideartha. Ba cheart cead an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a lorg chun aon dliteanais theagmhasacha a chruthú a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le caiteachas suntasach Státchiste.

Tá gá le breithiúnas lena chinneadh cé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn, agus ag cén tráth áirithe, dliteanas as oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus/nó as cinn nach bhfuil. Bíonn faisnéis ábhartha más rud é, de bharr í a fhágáil ar lár nó

míráiteas a thabhairt ina leith, go bhféadfaí tionchar a imirt ar fheidhmiú cuntasachta ag an roinn don tréimhse tuairiscithe airgeadais.

Braitheann ábharthacht ar chineál agus ar mhéid an earra a mheastar sa chúinse ar leith i gcoibhneas leis an roinn agus baineann sí le tréithe cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a bhreithniú.

Déanfar measúnuithe ar ábharthacht i gcomhthéacs na timpeallachta reachtaíochta, institiúide agus oibriúcháin ina bhfeidhmíonn an roinn agus, maidir le faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ionchasach, eolas agus ionchais an ullmhaitheora faoin todhchaí.

## Aoisliúntas

Déantar foráil maidir le híocaíochtaí aoisliúntais le státseirbhísigh ar scor in Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir.  Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe meastachán ar an méid atá inchurtha i leith gach vóta agus taispeántar é faoin nóta maidir le glanseirbhísí comhghaolmhara do na vótaí ábhartha.

Comhlíontar íocaíochtaí aoisliúntais do ghardaí, do mhúinteoirí, do phearsanra an airm agus do phearsanra na seirbhíse sláinte ar bhonn reatha ó na vótaí ábhartha.

## Idirbhearta airgeadra eachtraigh

Déantar idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí eachtracha a thiontú go luachanna euro ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú ag rátaí malairte dheireadh na bliana.

## Nótaí eile a ghabhann leis na cuntais

### *Prionsabail ghinearálta*

Go ginearálta, is é is aidhm do na nótaí eile a ghabhann leis na cuntais leithreasa ná aird Dháil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhaineann le rialú parlaiminteach, nó faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta ábhartha de chineál neamhghnách a thaifeadtar sa chuntas, e.g. caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó íocaíochtaí *ex gratia*[1] agus luach saothair breise.

Ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos, cuirtear nótaí míniúcháin ar fáil sa chás go mbíonn suim €50,000 nó níos mó i gceist le hidirbheart aonair, nó le catagóir idirbheart atá tógtha le chéile.

Sa chás go bhfuil méideanna níos ísle ná na luachanna tairsí i gceist, cuirtear nótaí ar fáil freisin sa chás go dtagann saincheist thromchúiseach prionsabail chun cinn nó sa chás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gur cheart nóta míniúcháin a thabhairt.

*Éagsúlachtaí ar sholáthar sna meastacháin*

Tugtar mínithe i Nóta 3 ar éagsúlachtaí ar an toradh i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin bunaidh.

Cuirtear nóta ar fáil sa chás gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an éagsúlacht (±) i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin bunaidh (lena n-áirítear aon mhaoiniú caipitil iarchurtha)

- tá sí cothrom le €100,000 nó níos mó, agus
- léiríonn sí 5% nó níos mó de chaiteachas fo-cheannteidil an chláir (25% i gcás fo-cheannteidil riaracháin), nó
- léiríonn sí éagsúlacht shuntasach ón soláthar sna meastacháin bunaidh nach gcomhlíonann na critéir thuasluaite ach ar gá míniú a thabhairt ina leith.

Áirítear nótaí maidir le héagsúlachtaí suntasacha ar leithreasuithe i gcabhair ar bhonn comhchosúil.

*Liúntas agus íocaíochtaí ragoibre*

I gcás liúntais agus íocaíochtaí ragoibre, áirítear sna sonraí a thugtar i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre i gcatagóir amháin nó níos mó, líon na ndaoine aonair a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht ba mhó le duine aonair, más íocaíocht os cionn €10,000 a bhí i gceist.

Tá an méid comhiomlán a íoctar le duine aonair faoi na ceannteidil éagsúla leagtha amach in ‘an íocaíocht aonair ba mhó’.

1 Is éard is íocaíocht *ex gratia* ann ná íocaíocht nach bhfuil dlite go dlíthiúil faoi chonradh nó eile – e.g. cúiteamh a íoctar ar fhoras cruatain.

*Íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta*

Ceanglaítear íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta (os cionn €10,000) a nochtadh trí nóta a ghabhann leis an gcuntas.

*Cúiteamh agus costais dlí*

Ba cheart comhpháirteanna na gcostas dlí agus na ndámhachtainí cúitimh a thugtar dóibh siúd a rinne caingne dlí i gcoinne na roinne a nochtadh. Ní áirítear leis seo costas na comhairle dlí a chuirtear ar fáil taobh amuigh d'imeachtaí dlíthiúla e.g. i gcomhthéacs beartas nó reachtaíocht a fhorbairt. Má dhéantar ionadaíocht ar an roinn in imeachtaí dlíthiúla, áirítear aon chostais a thabhaítear i ndáil leis na cásanna seo i dtáblaí A agus B. Léirítear an nóta in dhá chuid ar leith

- mionsonraí an chúitimh agus na gcostas dlí arna n-íoc ag an vóta/roinn go díreach nó leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a aisíoc
- mionsonraí faoi chostais charnacha iomlána na gcásanna dlí a tugadh chun críche i mbliain an chuntais.

Tuairiscítear mionsonraí an chúitimh agus na gcostas dlí a d'íoc Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) i gcásanna ina bhfuil an CSSO ag déanamh ionadaíocht don roinn i gcuntas leithreasa an CSSO.

*Íocaíochtaí déanacha*

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2012, soláthraítear faisnéis i nóta 6 nuair atá an méid a leanas ábhartha

- b'ionann iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite agus €10,000 nó níos mó, nó
- b'ionann íocaíocht aonair agus €10,000 nó níos mó.

*Calaois nó calaois amhrasta*

I gcás caillteanas mar gheall ar chalaois, calaois amhrasta nó neamhrialtachtaí amhrasta, soláthraítear faisnéis i nóta 6 nuair atá an méid a leanas ábhartha

- b'ionann iomlán na gcaillteanas le linn na tréimhse cuntasaíochta agus €10,000 nó níos mó, nó
- b'ionann caillteanas aonair agus €10,000 nó níos mó, nó
- i gcás caillteanais is lú ná €10,000, eascraíonn saincheist thromchúiseach prionsabail, nó
- sa chás ina measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gur cheart nochtadh a dhéanamh.

*Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

I gcás inarb ábhartha, ba cheart go n-áireofaí i nóta 6 ráiteas caiteachais ar gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta a maoiníodh ón vótáil. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana, agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun críche seasta. Maidir le coimisiúin bhuana, taispeántar caiteachas i mbliain an chuntais agus sa bhliain roimhe sin. I gcás coimisiúin shealadacha nó fiosrúcháin speisialta, taispeántar dáta an bhunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta an bhunaithe.

## Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha

I gcás inarb ábhartha, cuirtear cuntais ar chistí deontais a mhaoinítear ón vóta agus cuntais ilghnéitheacha eile i láthair i nóta 6 nó i nóta 7.